# An Ghaeilge & an óige ó thuaidh

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Aire Oideachais a thug cuairt ar ionad óige i mBéal Feirste (*Minister for Education who visited a youth centre in Belfast*). Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| Aire Oideachais<br>ionad óige<br>ar cuairt | *review*<br>*provision of services*<br>*delegation* |

1. Is é Paul Givan an tAire Oideachais sa Tuaisceart faoi láthair. Is ó pháirtí polaitíochta an DUP é. An gceapann tú go bhfuil Gaeilge aige? Cén fáth?



2. Is é an aidhm atá ag an ionad óige, Glór na Móna, ná an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail i dTuaisceart Éireann. Féach ar a suíomh idirlín anseo. An bhfuil aon eagraíocht mar sin i do cheantar féin?

3. An bhfuil tú féin i do bhall d'aon chlub nó d'aon chumann? Cad é?

4. An bhfuil an Ghaeilge deacair a fhoghlaim, dar leat? Cén fáth?

## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. geallta | *a. delegation* |
| 2. eagraíochtaí | *b. leadership* |
| 3. athbhreithniú | *c. promised* |
| 4. i gcuimhne ar | *d. sector* |
| 5. gníomhaí | *e. in memory of* |
| 6. toscaireacht | *f. learning resources* |
| 7. fóram réigiúnach | *g. organisations* |
| 8. ceannaireacht | *h. regional forum* |
| 9. acmhainní foghlama | *i. representation* |
| 10. ag stiúradh | *j. review* |
| 11. earnáil | *k. running, directing* |
| 12. ionadaíocht | *l. activist* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Líon na boscaí thíos:

An T________

An t__________



An tOirthear

An Deisceart

3. Tá an t-ionad óige, Glór na Móna, faoi scáth Fhóram na nÓg. Má chiallaíonn ‘scáth’ *shade* nó *shadow*, cad is brí le ‘faoi scáth’ sa chomhthéacs thuas?

_______________________________________________

4. An féidir leat an focal ‘dearfach’ a chur in abairt?

_______________________________________________

5. ‘Gasta’ an focal Ultach ar *quick*. Cén Ghaeilge atá agat féin ar *quick*?

_______________________________________________

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

   - Tá sé ________________ ag Paul Givan go gcuirfear ________________ Gaeilge san áireamh san ________________ atá ar bun ar sholáthar seirbhísí don óige ó thuaidh.
   - Is eagraíocht é Fóram na nÓg a bhíonn ________________ obair óige san ________________ ar fad.
   - Cuireann Fóram na nÓg ________________ agus ________________ ar fáil do dhaoine óga.
   - Tá an t-ionad ainmnithe ________________ Sheán Mac Goill, ________________ Gaeilge a bhí sa cheantar sna seascaidí.
   - Chas an tAire Givan le ___________________ ón ionad ag cruinniú in Stormont.
   - Is ________________ é Fóram na nÓg a dhéanann ________________ ar 36 grúpa.

2. Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

| | |
|---|---|
| a) | **Cad a gheall an tAire Oideachais Paul Givan?** |
| | |
| b) | **Cad is ainm don fhoirgneamh ina bhfuil Glór na Móna lonnaithe agus cén fáth a bhfuil an t-ainm sin air?** |
| | |
| c) | **Cad a dhéanann Fóram na nÓg?** |
| | |
| d) | **Cad a bhí le rá ag Conchúr Mac Siacais?** |
| | |
| e) | **An raibh Ciarnán Ó Cearbhaill sásta leis an gcuairt ón Aire, dar leat?** |
| | |
| f) | **An bhfuil Gaeilge ag an Aire Paul Givan?** |
| | |

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (dátaí)

a) Líon na bearnaí sa tábla thíos leis na horduimhreacha cearta agus leis na leaganacha cearta de na hainmfhocail.

| | | **cuairt** | **doras/teach/siopa** | **urlár** |
|---|---|---|---|---|
| **1** | an chéad | | | |
| **2** | | | | |
| **3** | | | | |
| **4** | | | | |
| **5** | | | | |
| **6** | an séú | | | |
| **7** | | | | |
| **8** | | | | |
| **9** | an naoú | | | |
| **10** | | | | |

b) Scríobh amach na míonna sa cholún ar chlé agus athscríobh na míonna arís ansin sa cholún ar dheis ach déan na hathruithe cuí orthu tar éis an fhocail 'mí'. Tá cúpla sampla déanta duit.

| | |
|---|---|
| Eanáir | mí Eanáir |
| Feabhra | mí Feabhra |
| Márta | mí an Mhárta |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| Deireadh Fómhair | mí Dheireadh Fómhair |
| | |
| | |

c) Féach ar an sampla thíos. Tabhair faoi deara go bhfuil séimhiú tar éis 'de'. Cuir ceist ar gach duine sa rang cén breithlá atá acu.

An ceathrú lá déag de m**h**í Mheán Fómhair.

# E: CUMARSÁID

## 1: Scríobh

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Samhlaígí go bhfuil col ceathrair libh ag teacht ar cuairt ó Mheiriceá chun dhá mhí a chaitheamh ag taisteal timpeall na nGaeltachtaí ar fad. D'iarr an duine seo oraibh ríomhphost a chur chucu le cúig abairt déag as Gaeilge ann. Caithfidh sibh smaoineamh ar na habairtí/frásaí is fearr a bheadh úsáideach don duine seo agus é/í ag taisteal sna Gaeltachtaí.

| | |
|---|---|
| Cén chaoi a bhfuil tú? | *How are you?* |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| Ba mhaith liom x, le do thoil. | *I'd like x, please.* |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## 2: Caint

a) Cuirigí bhur liosta ó Scríobh thuas i gcomparáid agus i gcodarsnacht le liostaí na mbeirteanna eile sa rang. An raibh na frásaí céanna agaibh?

b) Féachaigí ar na seanfhocail seo thíos atá ar shuíomh Ghlór na Móna. Cad is brí leo? Pléigh do chuid tuairimí leis an rang iomlán.

| | |
|---|---|
| Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. | |
| Mol an óige agus tiocfaidh sí. | |
| Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste. | |

c) An bhfuil aon seanfhocal eile ar eolas agaibh?

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Tá sé geallta ag Aire Oideachais Stormont, Paul Givan ón DUP, go gcuirfear eagraíochtaí Gaeilge san áireamh san athbhreithniú atá ar bun ar sholáthar seirbhísí don óige ó thuaidh. Thug Paul Givan an ghealltúint[1] agus é ar a chéad chuairt riamh ar Ionad Óige Ghlór na Móna in Iarthar Bhéal Feirste.

**Ailbhe Ó Monacháin**
Ag siúl isteach den chéad uair riamh in ionad óige Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste – Ionad Mhic Goill ar Bhóthar na Carraige Báine atá ainmnithe i gcuimhne ar Sheán Mac Goill – gníomhaí Gaeilge sa cheantar a rinne obair mhór sna seascaidí ar son na teanga. Fuair an tAire Givan cuireadh a theacht anseo nuair a chas sé le toscaireacht ón ionad ag cruinniú in Stormont i mí Dheireadh Fómhair.

**Paul Givan, DUP, Aire Oideachais Thuaisceart Éireann**
*They are engaged in Irish medium at school and then outside of those settings there's a lack of opportunity to engage – particularly around youth work – and this organisation is involved in trying to support young people in youth work and we are currently looking at a review of youth service provision.*

**Ailbhe Ó Monacháin**
Fóram réigiúnach atá i bhFóram na nÓg agus tá 36 grúpa faoina scáth, Glór na Móna anseo ina measc. Cuireann siad ceannaireacht, comhairle agus acmhainní foghlamtha ar fáil do dhaoine óga agus iad iontach sásta inniu go bhfaca an tAire Givan a gcuid oibre.

**Conchúr Mac Siacais, Oifigeach Oideachais, Fóram na nÓg**
*So*, is rud dearfach go raibh an tAire anseo inniu, *I suppose,* seo cúpla uair a tháinig airí amach thar na blianta. Seo an chéad uair a tháinig aire ar cuairt chuig Fóram na nÓg. Is eagraíocht réigiúnach muid a bhíonn, cineál, ag stiúradh obair óige thar an earnáil ar fad. *So*, agus é ag bualadh linn, tá muid ag déanamh, *I suppose*, ionadaíocht ar son 36 grúpa.

**Ciarnán Ó Cearbhaill, Dalta, Coláiste Feirste**
Shíl mé go raibh sé go breá. Bhí seans maith againn chun plé a dhéanamh ar an earnáil Gaeilge sna Sé Chontae agus chun *just* a thaispeáint dó an tábhacht atá leis an éisteacht san earnáil sna Sé Chontae.

**Ailbhe Ó Monacháin**
Agus is léir óna chuairt inniu gur foghlaimeoir gasta Gaeilge atá san Aire as Lios na gCearrbhach.

**Paul Givan, DUP, Aire Oideachais Thuaisceart Éireann**
Ba mhaith liom *Americano*, le do thoil.
(Maith thú!)

**Ailbhe Ó Monacháin**
Blas maith a bhíonn ar chaife Gaelach.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i mBéal Feirste.

---

[1] geallúint = leagan canúnach de 'gealltanas'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.


## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| geallta | *promised* |
| eagraíochtaí | *organisations* |
| athbhreithniú | *review* |
| i gcuimhne ar | *in memory of* |
| gníomhaí | *activist* |
| toscaireacht | *delegation* |
| fóram réigiúnach | *regional forum* |
| ceannaireacht | *leadership* |
| acmhainní foghlama | *learning resources* |
| ag stiúradh | *running, directing* |
| earnáil | *sector* |
| ionadaíocht | *representation* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| c | g | j | e | l | a | h | b | f | k | d | i |

Freagraí:




2. Freagraí: Glór na Móna ***is under the umbrella*** *of* Fóram na nÓg.
3. Féach: Tá dearcadh dearfach ag muintir an Tuaiscirt faoin nGaeilge.
4. *Quick*: gasta, mear, tapa, sciobtha.

## C: TUISCINT

1. Freagraí:

- Tá sé **geallta** ag Paul Givan go gcuirfear **eagraíochtaí** Gaeilge san áireamh san **athbhreithniú** atá ar bun ar sholáthar seirbhísí don óige ó thuaidh.
- Is eagraíocht é Fóram na nÓg a bhíonn **ag stiúradh** obair óige san **earnáil** ar fad.
- Cuireann Fóram na nÓg **ceannaireacht** agus **acmhainní foghlama** ar fáil do dhaoine óga.
- Tá an t-ionad ainmnithe **i gcuimhne ar** Sheán Mac Goill, **gníomhaí** Gaeilge a bhí sa cheantar sna seascaidí.
- Chas an tAire Givan le **toscaireacht** ón ionad ag cruinniú in Stormont.
- Is **fóram réigiúnach** é Fóram na nÓg a dhéanann **ionadaíocht** ar 36 grúpa.

2. Freagraí: Féach an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### Cruinneas gramadaí (dátaí)

a) Freagraí:
Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal dar tús consan tar éis ‘céad’ mura **d**, **t** nó **s** a thúslitir. Cuirtear **h** roimh ainmfhocal dar tús guta tar éis na n-orduimhreacha 2–10.

<table>
<tr><td></td><td></td><td>cuairt</td><td>doras/teach/siopa</td><td>urlár</td></tr>
<tr><td>1</td><td>an chéad</td><td>chuairt</td><td>doras/teach/siopa</td><td>urlár</td></tr>
<tr><td>2</td><td>an dara</td><td rowspan="9">cuairt</td><td rowspan="9">doras/teach/siopa</td><td rowspan="9">hurlár</td></tr>
<tr><td>3</td><td>an tríú</td></tr>
<tr><td>4</td><td>an ceathrú</td></tr>
<tr><td>5</td><td>ag cúigiú</td></tr>
<tr><td>6</td><td>an séú</td></tr>
<tr><td>7</td><td>an seachtú</td></tr>
<tr><td>8</td><td>an t-ochtú</td></tr>
<tr><td>9</td><td>an naoú</td></tr>
<tr><td>10</td><td>an deichiú</td></tr>
</table>

b) Freagraí:

| | |
|---|---|
| Eanáir | mí Eanáir |
| Feabhra | mí Feabhra |
| Márta | mí an Mhárta |
| Aibreán | mí Aibreáin |

| | |
|---|---|
| Bealtaine | mí na Bealtaine |
| Meitheamh | mí an Mheithimh |
| Iúil | mí Iúil |
| Lúnasa | mí Lúnasa |
| Meán Fómhair | mí Mheán Fómhair |
| Deireadh Fómhair | mí Dheireadh Fómhair |
| Samhain | mí na Samhna |
| Nollaig | mí na Nollag |

c) Cleachtadh cainte é seo chun na dátaí a rá mar is ceart.

## E: CUMARSÁID

### 1: Scríobh

Abair leo an liosta a scríobh ina mbeirteanna. Seo thíos abairtí samplacha:

| | |
|---|---|
| Cén chaoi a bhfuil tú? / Conas atá tú? / Cad é mar atá tú? | *How are you?* |
| Tá mé go maith, go raibh maith agat. | *I'm good, thanks.* |
| Tá lá deas ann. / Tá drochlá ann. | *It's a nice day. / It's a bad day.* |
| Gabh mo leithscéal, cá bhfuil an leithreas? | *Excuse me, where is the toilet?* |
| Fadhb ar bith! | *No problem!* |
| (Tá sé sin) togha. | *(That's) great!* |
| An bhfuil x anseo? | *Is x here?* |
| An bhfuil x agat/agaibh? | *Do you have x?* |
| Ba mhaith liom x, le do thoil. | *I'd like x, please.* |
| Tá brón orm, ní thuigim. | *I'm sorry, I don't understand.* |
| Tá mé ag foghlaim Gaeilge. | *I'm learning Irish.* |
| An bhféadfá cuidiú liom? | *Could you help me please?* |
| An bhféadfainn x a bheith agam? | *Could I have x?* |
| Cé mhéad atá air/uirthi? | *How much is it?* |
| Tá sé galánta anseo! | *It's lovely here.* |

### 2: Caint

Abair leo ar dtús a gcuid liostaí a chur i gcomparáid leis na daoine eile sa rang agus ansin pléigh na frásaí a bhí acu ar fad. Bíodh plé ginearálta agat freisin leis an rang faoi sheanfhocail.

| | |
|---|---|
| Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. | *No man is an island.* |
| Mol an óige agus tiocfaidh sí. | *Youth responds to praise.* |
| Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste. | *Broken Irish is better than clever English.* |

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.